# PLEANÁIL DO MHEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE

Tugtar breac-chuntas sna grafaicí thíos ar roinnt cúinsí pleanála a d'fhéadfadh ranna ábhair agus múinteoirí aonair a leanúint roimh, le linn agus i ndiaidh phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe (MRB). Moltar do mhúinteoirí, chun sonraí iomlána a fháil, breathnú ar na doiciméid dá sonraíocht ábhair agus Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie

## ROINN ÁBHAIR

### Roimh Mheasúnuithe Rangbhunaithe

- An fhuinneog trí seachtaine a aontú
- Dáta Cruinnithe an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) a chomhaontú, de réir threoirlínte reatha CNCM
- Éascaitheoir an chruinnithe AFMÁ a aontú

### Le linn Measúnuithe Rangbhunaithe

- Tacaíocht dlúthpháirte a thairiscint do chomhghleacaithe ábhair le linn an phróisis
- Plé, comhairle agus tacaíocht chomhchoiteann a spreagadh dá chéile

### Tar éis Measúnuithe Rangbhunaithe

- Ba cheart don chruinniú AFMÁ tarlú laistigh de mhí amháin nó faoin dáta is déanaí atá sonraithe ag an CNCM
- Aiseolas a thabhairt do scoláirí
- Machnamh a dhéanamh mar roinn ábhair ar an taithí a fuarthas

## MÚINTEOIR ÁBHAIR

### Roimh Mheasúnuithe Rangbhunaithe

- Tabhairt faoin tsonraíocht ábhair chun eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna na scoláirí i leith an ábhair a fhorbairt
- Straitéisí measúnaithe múnlaitheacha a fhiosrú
- Smaoineamh ar eispéiris scoláirí le cur chuige neamhlíneach i leith na dtorthaí foghlama

### Le linn Measúnuithe Rangbhunaithe

- Treoir a thabhairt do scoláirí de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an tasc
- Aiseolas leanúnach a thairiscint do scoláirí
- Samplaí féideartha a aimsiú do chruinniú AFMÁ

### Tar éis Measúnuithe Rangbhunaithe

- Tuairiscíní sealadacha a thabhairt
- Páirt a ghlacadh i gcruinniú AFMÁ
- Athmhachnamh a dhéanamh ar bhreithiúnas
- Tuairiscín deiridh a thuairisciú



CC BY NC